




AN TIONSCNAMH EORPACH Ó NA SAORÁNAIGH

CUIRTEAR DEIREADH LE
TEASCADH EITÍ - CUIRTEAR
DEIREADH LEIS AN TRÁDÁIL



FOGHLAIM – PLÉIGH – NASCADH - COMHAIRLE A LORG

| Clár Ábhar

An Tionscnamh: ‘Cuirtear deireadh le teascadh eití – Cuirtear deireadh leis an trádáil’	3
An Feachtas	4
Tionchar an Fheachtais	9



1

An Tionscnamh: ‘Cuirtear deireadh le teascadh eití – Cuirtear deireadh leis an trádáil’



Na tosca ratha:

- Comhpháirtíocht láidir a fhorbairt le heagraíochtaí éagsúla;
- Líonra sínitheoirí a fhorbairt roimh thús a chur leis an tionscnamh;
- Líonrú a dhéanamh agus comhpháirtíochtaí le heagraíochtaí eile a leathnú go leanúnach le linn an fheachtais;
- Díriú ar úsáid na meán sóisialta chun dul i bhfeidhm ar lucht féachana níos mó agus ar spriocghrúpaí nua;
- Foirne deonacha a bhunú i dtíortha éagsúla den Aontas chun cabhrú le feachtais áitiúla a fhorbairt agus a choinneáil ar bun.

Is é ‘Cuirtear deireadh leis an teascadh eití – Cuirtear deireadh leis an trádáil’ an t-ochtú tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh (TES) ar éirigh leis. Iarrtar sa tionscnamh ar an gCoimisiún deireadh a chur le heití scaoilte siorcanna a thrádáil san Aontas Eorpach trí shíneadh a chur le Rialachán (AE) Uimh. 605/2013 lena gcuirtear toirmeasc ar theascadh eití siorcanna agus toirmeasc ar eití scaoilte siorcanna a iompórtáil, a easpórtáil agus a iompar isteach san Aontas Eorpach, amach uaidh agus laistigh de.

Cláraíodh an tionscnamh ‘Cuirtear deireadh leis an teascadh eití – Cuirtear deireadh leis an trádáil’ an 2 Eanáir 2020 agus cuireadh tús le tréimhse bailithe na sínithe an 31 Eanáir 2020. D’éirigh leis **1,119,966 shíniú tacaíochta fhíoraithe** a bhailiú agus **baineadh amach na tairseacha íosta i 15 Bhallstát**. Cuireadh síneadh bliana leis an tréimhse bailithe go dtí an 31 Eanáir 2022, chun go mbeifí in ann tionchar phaindéim COVID-19 ar an bhfeachtas a chur san áireamh¹.

Nuair a tháinig deireadh le tréimhse bailithe na sínithe, chuaigh an tionscnamh tríd an bpróiseas fíorúcháin (rud ar cuireadh síneadh leis freisin de dheasca na paindéime), ar lena linn a rinne na húdaráis fhreagracha i ngach Ballstát na ráitis tacaíochta a sheiceáil agus a bhailíochtú. Cuireadh an tionscnamh faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh go foirmiúil ansin an 11 Eanáir 2023 (Preaseisiúint). D’fhoilsigh an Coimisiún teachtaireacht inar tugadh freagra ar an tionscnamh sin an 5 Iúil 2023.



¹ I gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/1042, Cinneadh C(2020) 9226 agus Cinneadh C (2021) 1121.

2

An Feachtas


Ullmhúchán

Bhí lucht eagraithe an tionscnaimh 'Cuirtear deireadh leis an teascadh eití - Cuirtear deireadh leis an trádáil' an-tógtha faoin ábhar, amhail eagraithe eile na dTionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, agus bhí siad réidh le dul i mbun oibre láithreach. D'fhéadfaí a rá gurb é an t-ullmhúchán an chuid is tábhachtaí de Thionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh. Le linn chéim an ullmhúcháin, forbraíonn na heagraithe a straitéis feachtais agus tógann siad a líonra. Bhí sé riachtanach **líonra comhpháirtithe agus oibrithe deonacha** a fhorbairt chun go mbeadh rath ar an tionscnamh seo. Bhí tacaíocht ag an tionscnamh seo ó 105 eagraíocht, 14 chumann spóirt uisce, 14 chuideachta agus 16 dhuine cháiliúla / mór le rá. Ba í an eagraíocht neamhrialtasach Sea Shepherd an príomhthacadóir, agus chuir sí tacaíocht airgeadais, saineolas agus comhairle stocaireachta ar fáil do na heagraithe.


Dúshlán a bhí ann a chinntiú gur thacaigh na líonraí comhpháirtithe sin go gníomhach leis an tionscnamh. Réitigh na heagraithe an méid sin trí thús a chur le glaonna comhdhála ar líne chun na comhpháirtithe a choinneáil ar an eolas maidir le dul chun cinn an tionscnaimh; trí nuachtlitir rialta a chur ar bun; trí ábhar a chruthú do na comhpháirtithe lena chur in oiriúint le húsáid ina gcainéil chumarsáide féin; agus smaointe a cheapadh le haghaidh imeachtaí chun an tionscnamh a chur chun cinn ina gceantair áitiúla.

Bhí sé ríthábhachtach freisin láithreach ar líne a chruthú don tionscnamh seo, toisc gur tharla bailiú na sínithe le linn phaindéim COVID-19 agus níorbh fhéidir imeachtaí a dhéanamh ar an láthair dá bhrí sin. Thóg na heagraithe suíomh gréasáin ilteangach ar a bhfuil eolas cúlra faoin tionscnamh, éilimh an tionscnaimh, agus acmhainní amhail bileoga eolais agus cur síos ar an bhfeachtas. Ina theannta sin d'fhorbair na heagraithe a láithreach ar líne ar na meáin shóisialta: [Facebook](#) (15,000 leantóir), [Instagram](#) (37,600 leantóir), [X](#) (ar a dtugtaí Twitter roimhe seo) (1,998 leantóir) agus [YouTube](#) (229 rannpháirtí).

San iomlán bhailigh eagraithe an tionscnaimh 'Cuirtear deireadh leis an teascadh eití - Cuirtear deireadh leis an trádáil' tacaíocht agus cistí dar luach €17,360. Ní thuairiscítear ach ranníocaíochtaí os cionn €500 in aghaidh an deontóra.



Foinsí maoinithe (€)



| An Feachtas a chur i bhfeidhm

Shainaithin eagraithe an tionscnaimh 10 mBallstát chun díriú orthu agus chun an tairseach íosta a bhaint amach: An tSeicia, an Ghearmáin, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil, Lucsamburg, an Ungáir, an Ísiltír agus an Ostair. Roghnaigh na heagraithe na tíortha sin ar dhá chúis:

1. is cuid de thrádáil eití siorcanna iad na tíortha sin agus tá tionchar díreach ag tograí an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh orthu; agus
2. feidhmíonn an chuid is mó d'eagraíochtaí comhpháirtíochta, oibríthe deonacha agus tionchairí an eagraí sna tíortha sin.

De dheasca na paidéime, bhí ar na heagraithe athbhreithniú a dhéanamh ar a mbunstraitéis feachtais agus díriú ar a láithreach ar líne agus ar bhailiú na sínithe ar líne. Mar sin féin, d'éirigh leis na heagraithe an bac sin a shárú trí shíneadh a chur leis an tréimhse bailithe sínithe, trí chabhair óna líonra comhpháirtithe, trí oibríthe deonacha, agus trína bhfeachtas láidir ar na meáin shóisialta. Is díol suntais é go raibh na heagraithe in ann níos mó ná 500,000 síniú a bhailiú le linn na 20 lá roimh dheireadh oifigiúil a dtréimhse bailithe sínithe, agus rinne siad amhlaidh trí na comhpháirtithe, na hoibríthe

'A bhuí leis an méid sin uile (feachtais meán sóisialta agus for-rochtain), tháinig méadú ar an bhfeasacht maidir lenár dtionscnamh! Caithfear a bheith foighneach agus muiníneach ag an am céanna... Níl sé sin éasca i gcónaí.'


– Eagraí an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh 'Cuirtear deireadh leis an teascadh eití - Cuirtear deireadh leis an trádáil'

deonacha agus na feachtais meán sóisialta sin. Ba é an rud ba thábhachtaí chuige sin feasacht a ardú faoin bhfeachtas, agus sin an áit a raibh **ról ríthábhachtach ag tionchairí i bhfeachtas an tionscnaimh**. Gach cloch mhíle a bhain na heagraithe agus na hoibrithe deonacha amach, amhail an tairseach is gá a bhaint amach i mBallstát, deis a bhí iontu chun dlús breise a chur leis an tionscnamh. Bhain na heagraithe úsáid freisin as baint amach na gcloch míle tábhachtach sa chaomhnú muirí chun a dtionscnamh a chur chun cinn agus feasacht a ardú. In ainneoin na paindéime, d'éirigh leis na heagraithe roinnt imeachtaí uile-Aontais a eagrú i gcathracha móra amhail an Róimh, an Aithin agus Beirlín.



Bailiú na Sínithe

Bhain eagraithe an tionscnaimh ‘Cuirtear deireadh leis an teascadh eítí – Cuirtear deireadh leis an trádáil’ úsáid as an **lárchóras bailithe ar líne**. Mar thoradh ar an bpaindéim, d’éirigh bailiú na sínithe ní ba dheacra agus tháinig moill air i gcaitheamh an fheachtais. Bhain na heagraithe leas as a líonra comhpháirtithe agus oibrithe deonacha chun an móiminteam a choinneáil agus leanúint den tionscnamh a chur chun cinn. A bhuí le tionchairí, d’éirigh leis an tionscnamh láithreach mhór a bhaint amach ar na meáin shóisialta. Bhí tionchar ollmhór aige sin ar an bhfeachtas agus mar thoradh air sin bailíodh breis agus 1.1 milliún síniú. Chun tuilleadh eolais a fháil, féach ar a [mblagphostáil ar Fhóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh](#).



| Fíorú agus cur isteach

Tar éis síneadh a chur leis an tréimhse bhailiúcháin, chruinnigh an tionscnamh 1,202,121 shíniú ar deireadh i 27 mBallstát den Aontas, ar mheas na húdaráis náisiúnta ábhartha 93% acu a bheith bailí. An 11 Eanáir 2023, reáchtáil na heagraithe imeacht ag Place du Luxembourg sa Bhruiséil chun ceiliúradh a dhéanamh ar an **1,119,996 ráiteas tacaíochta fhíoraithe** a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin. Tháinig níos mó ná 50 duine le chéile ó níos mó ná 10 dtír san Aontas os comhair Pharlaimint na hEorpa chun an méid sin a cheiliúradh (féach [an phostáil ar na meáin shóisialta](#)). Nuair a cuireadh na sínithe isteach, osclaíodh an tréimhse scrúdaithe a mhaireann 6 mhí.



3

Tionchar an Fheachtais

Scrúdú agus freagra ón gCoimisiún

Tar éis an tionscnamh a chur isteach go foirmiúil, bhuail na heagraithe leis an gCoimisinéir Eorpach um an gComhshaol, um an Aigéan agus um Iascach, Virginijus Sinkevičius, an 6 Feabhra 2023 ([preaseisiúint](#)). An 27 Márta 2023, thionóil Parlaimint na hEorpa éisteacht phoiblí maidir leis an tionscnamh ‘Cuirtear deireadh leis an teascadh eitif – Cuirtear deireadh leis an trádáil’ ([taifeadadh den éisteacht phoiblí](#)). Chuir na heagraithe cuspóirí an tionscnaimh i láthair agus rinne siad plé le Feisirí de Pharlaimint na hEorpa ([príomhphointí na héisteachta sa Pharlaimint](#)). An 11 Bealtaine 2023, pléadh an tionscnamh ‘Cuirtear deireadh leis an teascadh eitif – Cuirtear deireadh leis an trádáil’ i seisiún iomlánach de Pharlaimint na hEorpa ([taifeadadh den díospóireacht](#)).



Cóipcheart: European Union, 2023 ([link](#))

An 5 Iúil 2023, ghlac an Coimisiún **teachtaireacht inar leagadh amach a chuid gníomhaíochtaí mar fhreagairt** ar an Tionscnamh ó na Saoránaigh 'Cuirtear deireadh leis an teascadh eitif - Cuirtear deireadh leis an trádáil'. Is díol sásaimh don Choimisiún an tionscnamh agus déanfaidh sé an ghníomhaíocht seo a leanas (féach an phreaseisiúint):

1. scrúdú a dhéanamh ar a oiriúnaí atá sé beart reachtach a sheoladh chun deireadh a chur le heitif scaoilte siorcanna a thrádáil; agus tús a chur le measúnú tionchair ar na hiarmhairtí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha a bhaineann leis an mbeartas 'eitif orthu ó nádúr' a chur i bhfeidhm;
2. feabhas a chur ar na staitisticí maidir le trádáil táirgí siorcanna faoi dheireadh 2024;
3. feabhas a chur ar fhorfheidhmiú bhearta inrianaitheachta an Aontais trí neartú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú dhlí an Aontais a bhfuil feidhm aige maidir leis an slabhra luacha ina iomláine;
4. Dlús a chur le gníomhaíocht idirnáisiúnta an Aontais trí mholadh ar son cosc domhanda ar theascadh eitif siorca agus trí gníomhaíochtaí eile.

An 13 Iúil 2023, bhuail na heagraithe leis an gCoimisinéir Sinkevičius chun freagairt an Choimisiúin ar an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a phlé. An 18 Deireadh Fómhair 2023, d'fhoilsigh eagraithe an tionscnaimh 'Cuirtear deireadh leis an teascadh eitif - Cuirtear deireadh leis an trádáil' teachtaireacht maidir leis an bhfreagairt ón gCoimisiún, inar leagadh béim ar na hargóintí go léir is gá a mheas le haghaidh measúnú tionchair atá cothrom agus cóir (féach an phreaseisiúint).



Moltaí agus leideanna d'eagraithe a bheidh ann amach anseo

- Líonra mór láidir d'eagraíochtaí comhpháirtíochta agus d'oibrithe deonacha a fhorbairt roimh thús a chur leis an bhfeachtas;
- Cumarsáid a choinneáil ar bun le do líonra d'eagraíochtaí comhpháirtíochta agus d'oibrithe deonacha;
- Ábhair a chruthú don líonra d'eagraíochtaí comhpháirtíochta agus d'oibrithe deonacha chun an tionscnamh a phoiblíú;
- Teagmháil a dhéanamh le daoine mór le rá agus / nó tionchairí trí na meáin shóisialta.

